Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14611/19**

**COPS 351**
**CIVCOM 182**
**POLMIL 128**
**CFSP/PESC 913**
**CSDP/PSDC 556**
**RELEX 1111**
**JAI 1264**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14610/19 COPS 350 CIVCOM 181 POLMIL 122 CFSP/PESC 912 CSDP/PSDC 555 RELEX 1110 JAI 1263 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chomhshocrú Sibhialtach CBSC |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chomhshocrú Sibhialtach CBSC, faoi mar a ghlac an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici ar an 9 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
# MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME CHOMHSHOCRÚ SIBHIALTACH CBSC

Comhshocrú sibhialtach CBSC

Meabhraítear don Chomhairle gur ghlac sí féin agus ionadaithe rialtais na mBallstát an comhshocrú sibhialtach CBSC, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle i mí na Samhna 2018, agus athdhearbhaíonn sí an gealltanas úd go ndéanfaí CBSC sibhialtach níos cumasaí, níos éifeachtaí, níos solúbtha agus níos freagrúla, agus níos comhpháirtí chomh maith.

Cuireann an Chomhairle chun suntais an rannchuidiú ríthábhachtach a dhéanann misin shibhialtacha CBSC leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta, rannchuidiú atá ina chuid ríthábhachtach de chur chuige comhtháite an Aontais i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna eachtracha. Cuireann sí i dtreis nach mór ról agus cumas an Aontais a neartú go leanúnach agus é ag gníomhú mar sholáthraí slándála trí CBSC agus meabhraítear di go bhfuil sé ar cheann de láidreachtaí an Aontais Eorpaigh ó thaobh géarchéimeanna a bhainistiú agus a chosc gur féidir leis misin shibhialtacha a imscaradh faoi scáth Chur Chuige Comhtháite an Aontais i gcoitinne agus, ag an am céanna, a bheith ag rannchuidiú le cosaint an Aontais agus a chuid saoránach.

Ós díol sásaimh di an chéad Chomhdháil Athbhreithnithe Bhliantúil , a tionóladh an
14 Samhain 2019 sa Bhruiséil, déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. Molann sí an dul chun cinn foriomlán i dtaca le cur chun feidhme Chomhshocrú Sibhialtach CBSC a rinne na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta agus a rinne SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin ar leibhéal an Aontais i gcaitheamh na bliana seo caite, agus tugann sí chun suntais a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme iomlán comhréireach an chomhshocraithe a áirithiú i ngach ceann dá chuid braislí.

2. Is díol sásaimh di, dá bhrí sin, an gealltanas láidir a thug na páirtithe leasmhara go léir le linn na Comhdhála Athbhreithnithe Bliantúla go gcuirfidís an comhshocrú i gcríoch a luaithe is féidir, agus faoi Shamhradh 2023 ar a dhéanaí, agus cuireann sí béim ar an méid seo a leanas go háirithe:

– go bhfuil tús curtha ag na Ballstáit le próiseas ceaptha agus curtha chun feidhme na bpleananna náisiúnta cur chun feidhme, pleananna lena méadófar rannchuidiú na mBallstát le CBSC sibhialtach agus lena gcuirfear i gcrích an Comhshocrú, agus go bhfuil plean gníomhaíochta comhpháirteach ceaptha ag SEGS agus ag an gCoimisiún. Tugann sí dá haire go dteastódh infheistiú leanúnach in CBSC sibhialtach agus slógadh acmhainní lena aghaidh sin freisin ionas go bhféadfaí Comhshocrú Sibhialtach CBSC a chur chun feidhme ina iomláine;
– i bhfianaise malartuithe le linn na Comhdhála Athbhreithnithe Bliantúla, go leanfaidh na Ballstáit den obair, agus tacaíocht á fáil acu ó SEGS agus ó sheirbhísí an Choimisiúin, chun bearnaí agus dea-chleachtais a shainaithint, agus chun taithí a roinnt ar bhonn na bpleananna cur chun feidhme náisiúnta;
– go sainaithnítear staid na himeartha atá ann faoi láthair i dtaca le cumais shibhialtacha na misean agus na mBallstát sa chéad Tuarascáil Bhliantúil Shibhialtach maidir le Cumais a thíolaic SEGS, tuarascáil a bunaíodh ar ionchur forleathan a fuarthas ó na Ballstáit agus an Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach ó SEGS agus ó sheirbhísí an Choimisiúin á chur san áireamh acu ag an am céanna, agus gur le hais staid sin na himeartha is ceart machnamh ar thuilleadh oibre a dhéanamh maidir le forbairt cumais;
– gur cheart, de réir mar a bheartaítear sa Phlean Gníomhaíochta Comhpháirteach ó SEGS agus ó sheirbhísí an Choimisiúin a tíolacadh i mí na Bealtaine 2019, leanúint den athbhreithniú ar bhainistíocht acmhainní daonna i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun an fhreagrúlacht agus an éifeachtacht a fheabhsú agus chun a áirithiú go mbainfear úsáid sholúbtha ghasta éifeachtúil as buiséad CBES i gcomhréir le cinntí polaitiúla a glacadh;
– gur cheart neart a chur leis an gcomhar níos dlúithe agus leis na sineirgí idir na struchtúir shibhialtacha ábhartha de chuid CBSC, seirbhísí an Choimisiúin agus gníomhaithe CGB i gcomhréir leis an gComhshocrú agus lena sainorduithe dlíthiúla, is an méid sin, ar chuid mhór leibhéal agus trí bhíthin na meithleacha inniúla;
– gur cheart leanúint de bheith ag neartú na sineirgí agus na comhlántachta idir gnéithe sibhialtacha agus míleata CBSC, mar shampla trí phleanáil oibríochtúil agus stiúradh na misean a imscartar ar an láthair chéanna;
– cearta an duine agus príomhshruthú inscne, chomh maith le hionadaíocht na mban, a chur chun cinn sna misin.

3. I gcomhréir leis an gcomhshocrú, agus d'fhonn treoir a chur ar fáil do na Ballstáit, do SEGS agus do sheirbhísí an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an chomhshocraithe sin in 2020, formhuiníonn sí na garspriocanna a sainaithníodh in CAB, lena n-áirítear go háirithe ach nach n-eisiatar nithe eile leo: líon na saineolaithe ar iasacht sna misin a mhéadú go comhpháirteach; bailchríoch a chur ar na pleananna cur chun feidhme náisiúnta agus tús a chur lena gcur chun feidhme sin; a áirithiú go mbeidh CBSC sibhialtach níos modúlaí, níos inscálaithe agus níos solúbtha agus é ar an láthair, lena n-áirítear trí uirlisí freagrúlachta a neartú; plé a dhéanamh ar na módúlachtaí a d'fhéadfadh a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar oibríochtúil na misean; agus gníomhaíocht níos comhpháirtí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí "mhionchoincheapa" spriocdhírithe a cheapadh agus a chur chun feidhme. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mBallstát i mbainistiú agus cobhsú coinbhleachtaí a fheabhsú agus a chuíchóiriú i gcomhthéacs Chur Chuige Comhtháite an Aontais ar leibhéal mheithleacha na Comhairle.

4. Is é is aidhm do na garspriocanna sin rannchuidiú le cur chun feidhme foriomlán an Chomhshocraithe, lena n-áiritheofar trasnaisc idir réimsí éagsúla an Chomhshocraithe sin, chomh maith le leibhéal foriomlán na huaillmhéine a comhaontaigh an Chomhairle. Is aidhm dóibh freisin dlúthchomhar leis na comhpháirtithe ábhartha a chur chun cinn cás ar chás.

5. Tá sí ag tnúth leis an gcéad Chomhdháil Athbhreithnithe Bhliantúil eile a bheidh ar siúl i mí na Samhna 2020.